Gearrchúrsa

ILC: Eolaíocht Fhóiréinseach a Fhiosrú

Leibhéal 2

Sonraíocht do Ghearrchúrsa na Sraithe Sóisearaí

Meitheamh 2026

An Clár Ábhar

Leathanach 3 **Gearrchúrsaí agus Cláir Foghlama Leibhéal 2**

Leathanach 4 **Intreoir don tsraith shóisearach**

Leathanach 5 **Réasúnaíocht**

Leathanach 6 **Aidhm**

Leathanach 7 **Forbhreathnú: Naisc**

Ráitis Foghlama

Príomhscileanna

Leathanach 10 **Forbhreathnú: Cúrsa**

Leathanach 12 **Ionchais maidir le scoláirí**

Torthaí Foghlama

Leathanach 16 **Measúnú agus tuairisciú**

Aguisín 1:

Na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Gearrchúrsaí agus Cláir Foghlama Leibhéal 2

Sa tsraith shóisearach nua, ba cheart go mbeadh scoláire a bhfuil an gearrchúrsa seo á dhéanamh aige ag leanúint Chlár Foghlama Leibhéal 2 (L2LP) pearsantaithe mar aon le comhpháirteanna curaclaim eile (ó Leibhéal 2 agus b'fhéidir ceann nó péire ó Leibhéal 3). Pleanáiltear Cláir Foghlama Leibhéal 2 bunaithe ar Aonaid Foghlama Tosaíochta dhifriúla ina ndírítear ar scileanna pearsanta, sóisialta agus praiticiúla an scoláire a fhorbairt. Mar aon leis na hAonaid Foghlama Tosaíochta, féadfaidh an scoláire staidéar a dhéanamh ar ghearrchúrsaí ag a bhfuil torthaí foghlama atá ailínithe go ginearálta leis na táscairí leibhéil le haghaidh Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Aguisín 1). Is é ILC: eolaíocht fhóiréinseach a fhiosrú an chéad cheann de na gearrchúrsaí sin a d'fhorbair CNCM. Is iondúil gurb é an sprioc-scoláire a ndírítear Cláir Foghlama Leibhéal 2 agus gearrchúrsaí Leibhéal 2 air an scoláire a bhfuil riachtanais foghlama shuntasacha aige. Beidh roinnt de na sprioc-scoláirí i gcatagóir íseal-mheánach chuig ard-mheánach de mhíchumas foghlama de bharr measúnú foirmiúil a rinne síceolaí oideachais agus plean foghlama pearsantaithe ag an scoláire fad is a bhí sé sa bhunscoil. Sa chomhthéacs sin, dearadh na Cláir Foghlama Leibhéal 2 agus na gearrchúrsaí do scoláire a bhainfeadh tairbhe as deiseanna chun foghlaim agus scileanna a fheabhsú i réimsí ar nós litearthacht agus uimhearthacht bhunúsach, teanga agus cumarsáide, scileanna soghluaisteachta agus fóillíochta, comhordú luaile agus forbairt shóisialta agus phearsanta. Cuirtear deis ar fáil sna Cláir Foghlama Leibhéal 2 freisin don scoláire an fad ama is féidir leis díriú ar ghníomhaíochtaí a fheabhsú, mar aon lena chumas chun eolas agus scileanna a ghinearálú agus a aistriú thar chásanna áirithe, agus chun eolas a phróiseáil ó níos mó ná cainéal céadfach amháin.

Intreoir don tsraith shóisearach

In oideachas na sraithe sóisearaí cuirtear an scoláire ag croílár an eispéiris oideachasúil, á chumasú le páirt ghníomhach a ghlacadh ina phobal féin agus sa tsochaí, agus á chumasú freisin le tabhairt faoin bhfoghlaim go seiftiúil agus go muiníneach i ngach gné agus ag gach céim dá shaol. Tá an tsraith shóisearach uileghabhálach i dtaca le gach scoláire. Sa tsraith shóisearach cuirtear le comhionannas deise, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Sa tsraith shóisearach cuirtear nasc níos fearr leis an bhfoghlaim ar fáil don scoláire mar go ndírítear ar chaighdeán na foghlama. Déantar taithí a sholáthar don scoláire atá mealltach agus taitneamhach, agus bainteach lena shaol. Is taithí d'ardchaighdeán a bhíonn iontu seo, cuireann siad go díreach le folláine fhisiciúil, mheabhrach agus shóisialta an fhoghlaimeora, agus, de réir mar is féidir, cuireann siad deiseanna ar fáil le hinniúlachtaí agus le buanna an fhoghlaimeora a fhorbairt maidir le cruthaitheacht agus le fiontar. Tógann clár an scoláire sa tsraith shóisearach ar an bhfoghlaim a rinne sé ar an mbunscoil. Tacaíonn sé leis tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ina chuid foghlama. Cabhraíonn sé leis an scoláire chun na scileanna foghlama a fhorbairt a chabhróidh leis tabhairt faoi dhúshláin an tsaoil lasmuigh den scoil.

5

An tSraith Shóisearach Sonraíocht

ILC: Eolaíocht Fhóiréinseach a Fhiosrú (Leibhéal 2)

Réasúnaíocht

Ceapadh an gearrchúrsa seo le scileanna próiseála eolaíochta an scoláire a fhorbairt ar leibhéal bunúsach: breathnóireacht, tabhairt chun cuimhne, athinsint, ainmniú, lipéadú, ord a chur ar nithe, rangú agus tomhas, chomh maith leis na scileanna a theastaíonn chun nósanna imeachta a leanúint agus fadhbanna a réiteach. Forbraítear na scileanna sin trí roinnt gníomhaíochtaí idirghníomhacha, spraíúla, rólimeartha agus turgnaimh eolaíochta bunaithe ar fhiosrú i gcomhthéacs coir mhistéire a réiteach. Foghlaimíonn an scoláire le hoibriú i bhfoireann, treoir a thógáil ó dhaoine eile agus glacadh le ról lena mbaineann freagrachtaí atá oiriúnach dá chumas. Beidh an téarma 'CSI', an Béarla ar 'ILC' nó Crime Scene Investigation/Imscrúdú Láithreacha Coire, cloiste ag cuid de na scoláirí agus seans go mbeadh cur amach acu ar dhomhan na heolaíochta fóiréinsí ón méid atá foghlamtha acu ón gclár teilifíse nó ó scannáin. Is féidir é sin a úsáid mar phointe tagartha le tosú leis. Beidh scoláirí eile ann a mbeidh páirt glactha acu i dturgnaimh bhainteacha tríd an tionscadal Discover Primary Science le linn a gcuid ama ag an mbunscoil agus cuirfidh siad an taithí sin i bhfeidhm ar an gcúrsa.

Is iad na gníomhaíochtaí ar nós foghlaim faoi mhodhanna agus gléasanna chun coireanna a imscrúdú, agus fianaise a bhailiú agus a scrúdú ag láthair choire, a chabhróidh le feabhas a chur ar chumas an scoláire smaointeoireacht loighciúil a chur i bhfeidhm i gcásanna difriúla agus réitigh ar fhadhbanna a aimsiú. Is scileanna saoil tábhachtacha iad foghlaim le smaoineamh go criticiúil agus oibriú as lámh a chéile le daoine eile. Forbraítear scileanna eile don saol ina dhiaidh sin trí naisc leis an bpobal, tionscadail chruthaitheacha, uimhearthacht, cumarsáid agus litearthacht.

6

An tSraith Shóisearach Sonraíocht

ILC: Eolaíocht Fhóiréinseach a Fhiosrú (Leibhéal 2)

Aidhm

Is é aidhm an chúrsa seo ná forbairt scileanna próiseála eolaíochta bunúsacha a éascú chomh maith le príomhscileanna eile don saol agus don fhoghlaim ar nós oibriú as lámh a chéile le daoine eile, pleanáil a dhéanamh i seicheamh agus smaoineamh go loighciúil. Is iad na scileanna a ghnóthaítear trí dhíriú ar eolaíocht bhunúsach na scileanna céanna ar féidir leis an scoláire a úsáid in go leor gnéithe dá shaol ina dhiaidh sin.

Forbhreathnú: Naisc

Léirítear i dTáblaí 1 agus 2 ar na leathanaigh seo a leanas an chaoi a bhféadfaí ILC: eolaíocht fhóiréinseach a fhiosrú a nascadh le gnéithe lárnacha den fhoghlaim agus den teagasc sa tsraith shóisearach.

ILC: eolaíocht fhóiréinseach a fhiosrú agus na ráitis foghlama

Tábla 1: Naisc idir ILC: eolaíocht fhóiréinseach a scrúdú agus na ráitis foghlama

	Ráitis Foghlama
Ráiteas	**Samplaí d'fhoghlaim ghaolmhar sa chúrsa**
RF 1: Déanann an scoláire cumarsáid go héifeachtach ar bhealaí éagsúla i réimse comhthéacsanna sa T1 nó TCÉ[1].	I ngach snáithe, iarrtar ar an scoláire foirmeacha simplí a chomhlánú agus treoracha briathartha agus neamhbhriathartha chomh maith le treoracha scríofa agus/nó pictiúrtha a leanúint chun tascanna a dhéanamh. Aithnítear míreanna agus cuirtear síos orthu, agus bailítear mar fhianaise iad. I snáithe 3 tá tábhacht ag baint le heolas a fháil agus achoimre a dhéanamh air, chomh maith le scileanna tátail a úsáid. Le linn an chúrsa, moltar don scoláire cumarsáid a dhéanamh mar bhall de ghrúpa. I snáithe 4, tugtar deis cur i láthair a dhéanamh i gcás rólimeartha mar thriail nó clár nuachta teilifíse/raidió.
RF 18: Déanann an scoláire breathnú agus measúnú ar eachtraí agus ar phróisis eimpíreacha agus baineann tátail agus cinntí astu.	Ar bhonn aonair agus/nó comhoibritheach, bíonn an scoláire i mbun fianaise eolaíoch a bhailiú agus a chur i láthair, tomhais agus meá, chomh maith le cainníochtú agus seicheamhú i ngach snáithe. Bailítear fianaise freisin chun tátail bhailí a bhaint aisti.
RF 24: Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht agus uirlisí na meán digiteach chun foghlaim, chun cumarsáid a dhéanamh, chun obair agus chun smaoineamh go comhoibríoch agus go cruthaitheach ar bhealach freagrach agus eiticiúil.	Úsáideann an scoláire an teicneolaíocht dhigiteach ag an leibhéal cuí chun: eolas a chuardach; fianaise a thaifeadadh (fianaise ghrianghrafadóireachta i snáitheanna 1 agus 2); scéalchlár a chruthú (snáithe 3) agus b'fhéidir cur i láthair digiteach a dhearadh nó cur le dearadh chur i láthair digiteach (snáithe 4).

1 Teanga chomharthaíochta na hÉireann.

ILC: eolaíocht fhóiréinseach a fhiosrú agus príomhscileanna agus Aonaid Foghlama Tosaíochta

I dteannta a n-inneachair agus a n-eolais shonraigh, tugann ábhair agus gearrchúrsaí na sraithe sóisearaí deiseanna don scoláire chun réimse leathan príomhscileanna a fhorbairt. Díríonn curaclam na sraithe sóisearaí ar ocht bpríomhscil.

Fíor 1: Príomhscileanna na sraithe sóisearaí

Tá an fhoghlaim sna haonaid foghlama tosaíochta ag forluí ar phríomhscileanna na sraithe sóisearaí a forbraíodh do gach scoláire

I dTábla 2 thíos tugtar liosta de na haonaid, de roinnt gnéithe de na haonaid sin agus na cineálacha gníomhaíochtaí foghlama bainteacha a chabhróidh leis an scoláire torthaí foghlama agus gnéithe na n-aonad a bhaint amach. Chomh maith leis sin, is féidir leis an múinteoir a lán de na gnéithe eile de phríomhscileanna na sraithe sóisearaí a fhí isteach ina chuid pleanála don seomra ranga.

Tábla 2: Naisc idir na hAonaid Foghlama Tosaíochta, gnéithe de na haonaid agus gníomhaíocht foghlama an scoláire

Aonad Foghlama Tosaíochta	Gné an aonaid	Gníomhaíocht foghlama an scoláire
Cumarsáid agus litearthacht	Cumarsáid go cuí chun críocha éagsúla agus aird mar éisteoir a léiriú	I snáithe 3, d'fhéadfadh go mbeadh an scoláire i mbun rólimeartha mar bhleachtaire ILC agus é ag cur scoláirí eile faoi agallamh mar fhinnéithe nó daoine a bhfuil drochamhras fúthu chun fianaise a bhailiú. Le linn an chúrsa bíonn an scoláire ag léamh agus/nó ag éisteacht chun eolas a fháil. Is féidir leis an scoláire fionnachtana a chur i láthair freisin i bhfoirmeacha éagsúla do lucht éisteachta i snáithe 4.
Uimhearthacht	Feasacht ar mheáchan agus toilleadh a fhorbairt	I snáithe 2, le linn roinnt turgnamh ní mór don scoláire meá, crúiscíní tomhais agus sorcóirí grádaithe a úsáid agus ar an mbealach sin tagann sé ar thuiscint ar mhais/mheáchan agus toirt.
Cúram pearsanta	Eolas ar conas bheith sábháilte	I snáithe 2, sainaithníonn an scoláire guaiseacha sábháilteachta a d'fhéadfadh a theacht chun cinn i saotharlann agus na réamhchúraim le glacadh chun na guaiseacha sin a sheachaint.
Ag cónaí i bpobal	Dea-chaidrimh a fhorbairt.	Tá sé tábhachtach san eolaíocht go dtabharfaí faoi róil ar fhoirne. I ngach snáithe, foghlaimíonn an scoláire le cumarsáid a dhéanamh go cuí le daoine éagsúla, piaraí, múinteoirí, baill an phobail nó cainteoirí ar cuairt, agus páirt a ghlacadh go comhoibríoch i ngrúpaí.
Ullmhú don obair	Bheith in ann spriocanna a shocrú don fhoghlaim	Bíonn spriocanna éagsúla ag an scoláire le hoibriú ina dtreo m.sh. turgnamh a chur i gcrích agus substaint a aithint i snáithe 1. Le linn an chúrsa, foghlaimíonn an scoláire faoin tábhacht a bhaineann le tascanna a sheicheamhú d'fhonn sprioc a chomhlíonadh agus le teacht ar ais chuig tascanna agus oibriú orthu i dtréimhse faoi leith.

Forbhreathnú: Cúrsa

Díríonn an tsonraíocht don ghearrchúrsa seo de chuid na sraithe sóisearaí faoi ILC: eolaíocht fhóiréinseach a fhiosrú ar scileanna cognaíocha, sóisialta agus praiticiúla a fhorbairt trí cheithre shnáithe idirnasctha: Is iad na ceithre shnáithe a chuirtear i láthair anseo ná: **Obair eolaí fhóiréinsigh, Láthair na coire: bailiú fianaise; Tástáil i saotharlann eolaíochta: an choir a réiteach** agus **An fiosrú a thabhairt chun críche**.

Snáithe 1: Obair eolaí fhóiréinsigh.

Sa snáithe seo, arb é an chéad snáithe é, tugtar buneolas faoi dhomhan na heolaíochta fóiréinsí don scoláire. Foghlaimíonn sé na téarmaí a bhaineann leis an eolaíocht fhóiréinseach chomh maith leis na próisis. Foghlaimíonn sé freisin le trealamh eolaíochta a úsáid go cruinn agus go sábháilte.

Snáithe 2: Láthair na coire: bailiú fianaise.

Sa snáithe seo cuirtear le tuiscint an scoláire ar an tábhacht a bhaineann leis an bpróiseas agus é ag bailiú agus ag taifeadadh fianaise eolaíochta.

Snáithe 3: Tástáil sa tsaotharlann eolaíochta: an choir a réiteach.

Sa snáithe seo, déanann an scoláire imscrúduithe agus níos mó tástálacha, agus forbraíonn sé teoiricí faoin gcoir bhréige atá á himscrúdú aige.

Snáithe 4: An fiosrú a thabhairt chun críche.

Tá deiseanna d'obair bhuíne ar fáil sa snáithe seo agus an scoláire ag déanamh ceangal idir fionnachtana ó shnáitheanna roimhe sin, ag forbairt tátal agus ag tabhairt a chuid imscrúduithe chun críche. Tugann an scoláire faoi phróiseas machnaimh freisin, nuair a sainaithnítear an t-eolas, na scileanna agus na tuairimí a d'fhorbair sé tríd an gcúrsa a dhéanamh.

Cé go bhfuil naisc áirithe idir na snáitheanna go léir, forbraíodh iad le déanamh in ord chun go léireofaí an próiseas iarbhír a bhíonn i gceist agus coir á réiteach.

Spreagtar obair bhuíne ar fud na gceithre shnáithe. Bíonn an scoláire ag comhoibriú, i mbun míniú piaraí, ag lorg aiseolais, ag tabhairt aiseolais agus ag déanamh machnaimh ar a chuid oibre. Ba cheart go mbeadh gníomhaíochtaí foghlama praiticiúla, teagmhálacha agus ina dtugtar faoi réiteach fadhbanna le feiceáil i ngach cuid de thrí shnáithe an chúrsa.

Léiríonn an Measúnú Rangbhunaithe a dtugtar breac-chuntas air thíos an fhoghlaim a dhéanfaidh an scoláire sa ghearrchúrsa seo ó CNCM. Féadfaidh an scoil aon ghearrchúrsa a d'fhorbair CNCM a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha féin agus do chomhthéacs na scoile, seachas an Measúnú Rangbhunaithe, a dhéanfaidh gach scoláire a thugann faoin ngearrchúrsa seo. Féadfaidh scoil a gearrchúrsa(í) féin a fhorbairt freisin, chomh maith le Measúnú Rangbhunaithe lena mbaineann. Tá treoirlínte ar fáil d'aon scoil ar mian léi a gearrchúrsa(í) féin a fhorbairt ar http://www.curriculumonline.ie/Junior-cycle/Junior-Cycle_Short-Courses.

Ailínítear na torthaí foghlama sa ghearrchúrsa seo go ginearálta leis na táscairí leibhéil le haghaidh Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (Aguisín 1).

Dearadh an cúrsa le haghaidh thart ar 100 uair an chloig de rannpháirtíocht an scoláire.

Ionchais maidir le scoláirí

Is scáth-théarma é *ionchais maidir le scoláirí* a nascann torthaí foghlama le samplaí anótáilte de shaothar scoláirí. I gcás na ngearrchúrsaí a d'fhorbair CNCM, beidh samplaí oibre a bhaineann le toradh foghlama ar leith nó le grúpa de thorthaí foghlama ar fáil. D'fhéadfadh go rachadh sé chun tairbhe scoile a dhearann a cuid gearrchúrsaí féin taisce samplaí d'obair scoláirí a chruthú le haghaidh plé agus tagartha amach anseo.

Torthaí foghlama

Is ráitis iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an eolas, ar an tuiscint, ar na scileanna agus ar na luachanna ar cheart don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó an gearrchúrsa ILC: eolaíocht fhóiréinseach a fhiosrú seo a chur i gcrích i rith na sraithe sóisearaí. Baineann na torthaí foghlama a leagtar amach sna táblaí seo a leanas le gach scoláire agus léiríonn siad torthaí don scoláire ag deireadh na tréimhse staidéir (thart ar 100 uair an chloig).

Tá uimhir le gach toradh laistigh de gach snáithe. Tá sé i gceist go gcabhródh an t-uimhriú le pleanáil an mhúinteora agus ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith trasna na dtorthaí iad féin.

Snáithe 1: Obair eolaí fhóiréinsigh

Torthaí foghlama

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Téarmaí agus próisis na heolaíochta fóiréinsí	1.1 na téarmaí láthair choire, fianaise, duine a bhfuil drochamhras faoi, eolaí, bleachtaire, éilliú agus téarmaí ábhartha eile a úsáid 1.2 tuairimí a thabhairt faoi ghrianghraf de láthair choire agus tátail a bhaint as (céard atá ar iarraidh, briste, as áit) 1.3 na daoine a dhéanann próiseáil ar láthair choire a shainaithint 1.4 ord a chur ar na céimeanna a bhaineann le láthair choire a phróiseáil
Na cineálacha éagsúla fianaise fhisiceach a fhaightear ar láthair choire	1.5 foinsí féideartha fianaise fisicí a aithint ó liosta: méarloirg, gruaig agus snáithíní, fianaise riain mar riain bhoinn, riain choise agus marcanna fiacail 1.6 an chaoi a bhfágtar fianaise ar an láthair choire a chur in iúl, m.sh. teagmháil, rian, brú 1.7 tuiscint a léiriú ar na teicnící éagsúla chun fianaise a bhailiú m.sh. teicnící méarlorgaireachta a úsáid ar chomhscoláirí, patrúin mhéarloirg a shainaithint, breathnú ar a méarloirg agus iad a rangú mar áirse, lúb nó dual
Turgnaimh fhóiréinseacha[2]: Foghlaim le huirlisí agus modhanna imscrúdaitheora ar láthair choire a úsáid	1.8 liosta a dhéanamh de na hábhair a theastaíonn le haghaidh na dturgnamh 1.9 ábhair a chur le chéile le haghaidh taisc 1.10 treoracha briathartha, scríofa nó pictiúrtha a leanúint a bhfuil líon beag céimeanna ag gabháil leo 1.12 oibriú as lámh a chéile le daoine eile 1.12 substaintí a aithint trí thurgnaimh bhunúsacha, agus úsáid á baint as eochair a chuirtear ar fáil 1.13 micreascóip a úsáid, áit a bhfuil sé ar fáil, chun comparáidí bunúsacha a dhéanamh idir samplaí 1.14 fionnachtana a thaifeadadh trí chaint/chomharthú/scríobh/TFC a úsáid agus sceitsí a dhéanamh i ndialann
Ag obair go sábháilte agus le cruinneas le trealamh eolaíochta	1.15 na guaiseacha sábháilteachta a d'fhéadfadh a theacht chun cinn i saotharlann a aithint agus na réamhchúraimí le glacadh chun na guaiseacha sin a sheachaint 1.16 liosta a dhéanamh de na bealaí ina bhféadfaí láthair choire a éilliú 1.17 crúiscín tomhais agus sorcóir grádaithe a úsáid chun toirt shonrach leachta a thomhas 1.18 scálaí/meá a úsáid chun toirt shonrach púdair thirim a oibriú amach

2 I measc na dturgnamh a d'fhéadfadh a bheith i gceist tá anailís ar phúdar bán; anailís ghruaige; crómatagrafaíocht.

Snáithe 2: Láthair na coire: bailiú fianaise

Torthaí foghlama

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Fianaise a aimsiú	2.1 foinsí fianaise i láithreacha coire a shainaithint 2.2 céimeanna chun fianaise a thaifeadadh ar láithreacha coire a chur in ord (ar dtús, ina dhiaidh sin, ansin...) 2.3 tuairimí a thabhairt faoi láthair choire agus oibriú amach cá háit a bhféadfaí fianaise a aimsiú 2.4 liosta scríofa nó pictiúrtha a úsáid chun na tástálacha saotharlainne ar féidir a dhéanamh ar fhianaise fhisiceach ar an láthair a shainaithint
Fianaise a phróiseáil agus a bhailiú i gceart	2.5 sraith de threoracha labhartha/comharthaithe nó pictiúrtha a leanúint faoi mhaoirseacht 2.6 fianaise a bhailiú, agus cúnamh aige, ar nós snáithíní ábhair agus méarloirg/loirg choise gan éilliú 2.7 míreanna gaolmhara a mheas agus a thomhas 2.8 fionnachtana a thaifeadadh (scríobh/líníocht/TFC a úsáid/bileoga oibre idirdhealaithe) 2.9 feidhmeanna bunúsacha a úsáid ar cheamara digiteach; d'fhéadfadh go mbeadh uaslódáil grianghraf go ríomhaire i gceist leis sin

Snáithe 3: Tástáil sa tsaotharlann eolaíochta: an choir a réiteach

Torthaí foghlama

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Fianaise a bhailiú ó dhaoine atá faoi dhrochamhras	3.1 éisteacht chun eolas a fháil 3.2 dea-chleachtas a léiriú agus fianaise á bailiú, uirlisí cuí tomhais a roghnú agus a úsáid 3.3 cinntí a dhéanamh, agus leideanna tugtha dóibh, faoin eolas ó agallamh le finné atá úsáideach 3.4 na príomhcheisteanna a aithint atá le freagairt chun cabhrú leis an gcoir a réiteach, m.sh. Cérbh é an duine deireanach a bhí anseo? Cé a scríobh an nóta seo?
Na gníomhaíochtaí saotharlainne a rinne siad sa chúrsa roimhe sin a úsáid chun coir a réiteach	3.5 tástálacha saotharlainne a dhéanamh arís/níos mó tástálacha a dhéanamh i dteannta na dtástálacha i snáithe 3 ar mhaithe le comparáidí 3.6 tuiscint ar údar agus a dheireadh a léiriú
Teoiric/rún/scéal a fhorbairt maidir leis an láthair choire atá á himscrúdú	3.7 patrúin agus ranguithe simplí a aithint a thagann chun cinn tar éis scrúdú a dhéanamh ar an bhfianaise a bailíodh 3.8 an bonn do ghrúpaí a mhíniú agus difríochtaí idir ábhair á n-úsáid 3.9 tuair bhunúsacha a dhéanamh faoi dhuine a d'fhéadfadh a mbeadh drochamhras faoi ar bhunús tuairimí, bailiú eolais agus leideanna, nó fianaise is féidir leis a thomhas agus trealamh simplí aige 3.10 scéal/amlíne simplí a chruthú a léiríonn teoiric faoin méid a tharla

Snáithe 4: An fiosrú a thabhairt chun críche

Torthaí foghlama

Foghlaimíonn an scoláire faoi	Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire
Ullmhú i gcomhair fianaise a chur i láthair	4.1 na céimeanna a theastaíonn chun tasc a chur i gcrích a shainaithint 4.2 na céimeanna a chur i seicheamh nó in ord loighciúil 4.3 amlíne a chruthú a chuireann síos ar na nósanna imeachta a rinneadh 4.4 láithriú físe a chruthú den láthair choire 4.5 ról a ghlacadh i dtátal a phleanáil don imscrúdú ar an láthair choire a nochtfaidh réiteach na coire
An fhianaise a chur i láthair mar chuid den fhoireann fhóiréinseach	4.6 cur i láthair aonair (nó cur le foireann) ar an bhfianaise a dhéanamh sa ghníomhaíocht scoir, m.sh. tuarascáil scríofa/cur i láthair béil/cur i láthair digiteach os comhair piaraí nó lucht féachana ar tugadh cuireadh dóibh 4.7 tuairimí pearsanta, fíricí agus mothúcháin a chur in iúl mar is cuí m.sh. tuairim faoin bhfianaise a chur in iúl do phiaraí, páirt a ghlacadh in agallamh foirmiúil le 'daoine faoi dhrochamhras'
Measúnú	4.8 na turgnaimh agus na nósanna imeachta imscrúdaithe ab fhearr ar éirigh leo a chur in iúl 4.9 eolas agus scileanna a forbraíodh a aithint chomh maith leo siúd a bhfuil sé ag iarraidh a fheabhsú 4.10 foghlaim a nascadh le réimsí eile den churaclam agus dá shaol

Measúnú agus tuairisciú

Go bunúsach, is é cuspóir an mheasúnaithe agus an tuairiscithe ag an gcéim seo den oideachas tacú leis an bhfoghlaim. Tacaíonn an gearrchúrsa seo le héagsúlacht leathan cuir chuige i leith measúnú. Bíonn roinnt torthaí foghlama oiriúnach le haghaidh measúnú aon uaire, cuid eile le haghaidh measúnú ar bhonn leanúnach de réir mar a thugann an scoláire faoi ghníomhaíochtaí difriúla foghlama ar nós plé, míniú, cur i láthair, pleanála, gníomhú agus ag leibhéal cuí, faisnéis a fháil. Sna comhthéacsanna sin, déanann an scoláire, i dteannta a mhúinteora agus a chomhscoláirí, machnamh ar a chuid foghlama féin agus ar fhoghlaim daoine eile agus tugann sé breithiúnas orthu trí bhreathnú ar chaighdeán na bpíosaí áirithe oibre (de réir a chumais). Pleanálann sé na chéad chéimeanna eile ina chuid foghlama, bunaithe ar an aiseolas a fhaigheann agus a thugann sé. Is féidir le measúnú leanúnach tacú leis an scoláire ina aistear foghlama agus ina ullmhúchán don Mheasúnú Rangbhunaithe a bhaineann leis an ngearrchúrsa seo.

Samhlaítear go dtabharfaidh an scoláire fianaise ar a fhoghlaim ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear meáin dhigiteacha, taifid fuaime agus píosaí scríofa.

Is éifeachtaí an measúnú nuair a théann sé níos faide ná marcanna agus gráid, agus díríonn an tuairisciú ní hamháin ar mar a d'éirigh leis an scoláire roimhe sin ach freisin ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh na foghlama amach anseo. Cuirfear dul chun cinn agus gnóthachtáil an scoláire sna gearrchúrsaí, idir mheasúnuithe leanúnacha agus an Measúnú Rangbhunaithe a bhaineann go sonrach leis an ngearrchúrsa seo, in iúl dá thuismitheoirí sa tuairisciú eatramhach agus i bPróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS). Mar ábhar tacaíochta do mhúinteoirí agus scoileanna, tá Foireann Uirlisí don Mheasúnú ar fáil ar líne. Áireofar san Fhoireann Uirlisí don Mheasúnú ábhar tacaíochta a bhaineann le foghlaim, teagasc, measúnú agus tuairisciú.

Measúnú Rangbhunaithe

Is ionann na Measúnuithe Rangbhunaithe agus tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire sa mheasúnú sonrach/sna measúnuithe sonracha a leagtar amach i sonraíocht an ábhair nó an ghearrchúrsa. Beidh Measúnú Rangbhunaithe amháin i ngearrchúrsaí Leibhéal 2 na sraithe sóisearaí.

Measúnú Rangbhunaithe: Coir bhréige a réiteach

Ullmhú i gcomhair an Mheasúnaithe Rangbhunaithe

Is féidir tabhairt faoin Measúnú Rangbhunaithe seo tar éis snáithe 4 a chur i gcrích. Le linn an ama roimhe, taispeántar láthair choire bhréige nach bhfaca sé roimhe sin don scoláire (ar bhealach fisiceach/béil/trí theanga chomharthaíochta a úsáid/ar bhealach físe/i bhfoirm scríofa). Cé gur coir bhréige nua a bheidh inti is féidir cuid de na gnéithe a chur san áireamh inti a bhí sa cheann a réitigh an scoláire le linn an ghearrchúrsa. Éisteann/léann an scoláire nó breathnaíonn sé go cúramach agus aithníonn sé píosa amháin fianaise fisicí nó níos mó a d'fhéadfaí a thástáil chun cabhrú leis an gcoir a réiteach sa chás nua seo.

Ní mór don scoláire na huirlisí tomhais agus/nó an teicneolaíocht is oiriúnaí a roghnú

chun fianaise ón láthair coire a thaifeadadh agus a chaomhnú. D'fhéadfaí liosta de 'dhaoine faoi dhrochamhras' a cheapadh ar bhonn na fianaise sa láthair choire bhréige agus/nó fianaise a chuirfeadh an múinteoir ar fáil don scoláire. D'fhéadfaí agallamh a chur ar na 'daoine sin faoi dhrochamhras'.

An Measúnú Rangbhunaithe

Iarrtar ar an scoláire sa Mheasúnú Rangbhunaithe cuimhneamh ar an méid a tharla go dtí seo san imscrúdú nua i leagan amach dá rogha féin (scéalchlár, pictiúir a úsáid chun seicheamh a dhéanamh, in agallamh leis an múinteoir, mar léitheoir nuachta, scéalaíocht bhéil, scríobh…). Iarrtar ar an scoláire cleachtais chuí eolaíochta nó imscrúdaitheacha a shainaithint a d'fhéadfaí a úsáid chun foinse amháin fianaise a scrúdú, an fhoinse a sainaithníodh mar an fhoinse ba thábhachtaí agus an ceann a réiteoidh an choir. Pléann nó déanann an scoláire plean bunúsach, nó úsáideann sé pictiúir chun léiriú a dhéanamh ar na céimeanna nach mór a ghlacadh, chun an fhoinse fianaise sin a scrúdú. Ansin iarrtar air an turgnamh/gníomh imscrúdaitheach sin a dhéanamh chun an choir a réiteach.

Na gnéithe cáilíochta

Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora ar an Measúnú Rangbhunaithe agus is iad na critéir iad a úsáidfidh an múinteoir chun Measúnuithe Rangbhunaithe an scoláire a mheas.

Beidh sonraí níos mine ar fáil i dtreoirlínte measúnaithe ar leith le haghaidh ILC: eolaíocht fhóiréinseach a fhiosrú maidir leis an measúnú agus tuairisciú sa ghearrchúrsa seo de chuid na sraithe sóisearaí, lena n-áirítear gnéithe cáilíochta agus sonraí faoi na socruithe praiticiúla a bhaineann le measúnú an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo. Áireofar sna treoirlínte moltaí don mhéid a d'fhéadfaí a áireamh i bpunann an scoláire mar fhianaise ar an bhfoghlaim sna ceithre shnáithe.

Measúnú cuimsitheach

Is príomhghné de theagasc agus d'fhoghlaim ar scoil iad cleachtais mheasúnaithe chuimsitheacha, mar chuid de mheasúnú leanúnach nó mar Mheasúnú Rangbhunaithe. Ba cheart go mbeadh na hoiriúntais, m.sh. an tacaíocht a thugann Cúntóir Riachtanas Speisialta nó tacaíocht teicneolaíochtaí cúntacha, ag teacht leis na socruithe a chuir an scoil i bhfeidhm chun tacú le foghlaim an scoláire i rith na scoilbhliana.

Sa chás go meastar i scoil go bhfuil sainriachtanas fisiciúil nó foghlama ag scoláire, is féidir oiriúntais réasúnta a chur i bhfeidhm chun tionchar an mhíchumais ar fheidhmiú an scoláire sa Mheasúnú Rangbhunaithe a laghdú, a oiread agus is féidir.

Bíonn oiriúntais a chuireann ar chumas gach scoláire teacht ar an gcuraclam agus measúnú bunaithe ar riachtanais shonracha. Mar shampla, féadfaidh scoláire nach bhfuil in ann clóscríobh go fisiciúil bogearraí deachtaithe atá saor in aisce a úsáid chun measúnuithe leanúnacha agus an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh scoláire nach bhfuil in ann labhairt físeanna agus fotheidil a chur in iúl trí theanga chomharthaíochta agus a tharraingt/scríobh/chlóscríobh agus a chruthú le smaointe a chur i láthair agus in iúl. Má tá saindeacracht foghlama ag scoláire, d'fhéadfadh sé tairbhe a bhaint as tascanna agus as gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear i láthair i mbealach difriúil. Tá treoirlínte cuimsitheacha faoi ionchuimsiú in iar-bhunscoileanna ar fáil anseo agus tá treoirlínte do mhúinteoirí scoláirí faoi Mhíchumais Ghinearálta Foghlama ar fáil anseo.

Aguisín 1:

Na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Forbraíodh an gearrchúrsa seo ar aon dul leis na Táscairí Leibhéil le haghaidh Leibhéal 2 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Go hiondúil, baineann foghlaim bhunúsach faoi threoir dhea-thacaithe le deimhniú agus dámhachtainí Leibhéal 2. Is iondúil go mbíonn an raon eolais cúng. Tá foghlaim forbarthach ach d'fhéadfaí eolas, scileanna agus inniúlacht a bhaineann le réimsí áirithe foghlama a áireamh ann, m.sh. gnéithe den litearthacht agus den uimhearthacht agus foghlaim i gcomhthéacsanna a bhfuil cur amach ag an scoláire orthu.

Leibhéal an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí	2
Eolas *Fairsinge*	Tá eolas cúng sa raon sin
Eolas *Cineál*	Nithiúil i dtagairt agus bunúsach i dtuiscint
Fios gnó agus scil *Raon*	Raon teoranta scileanna bunúsacha, praiticiúla a léiriú, lena n-áirítear na huirlisí ábhartha a úsáid
Fios gnó agus scil *Roghnaíocht*	Seicheamh tascanna a dhéanamh faoi threoir shoiléir
Inniúlacht *Comhthéacs*	Feidhmiú i raon teoranta comhthéacsanna intuartha agus struchtúrtha
Inniúlacht *Ról*	Feidhmiú i raon ról, faoi threoir
Inniúlacht *Foghlaim le foghlaim*	Foghlaim le foghlaim ar bhealach smachtaithe i dtimpeallacht dhea-struchtúrtha agus mhaoirsithe
Inniúlacht *Léargas*	Feasacht a léiriú ar ról neamhspleách dó féin

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe

AN ROINN
OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

DEPARTMENT OF
EDUCATION AND SKILLS

An tSonraíocht le haghaidh **na Sraithe Sóisearaí**

© 2026 Rialtas na hÉireann